

~~AN STAT (MAC FHEARRAIGH)~~

1984 No. 302 S.S.

131

AN ARD-CHUIRT

Taobh an Stait

MAIDIR LEIS NA hACHTANNA CUIRTEANNA BREITHIUNAIS, 1924 GO 1961
AGUS MAIDIR LE BUNREACHT NA hEIREANN
AGUS MAIDIR LE THE MINISTER FOR POSTS AND TELEGRAPHS V PADRAIG
MAC FHEARRAIGH
AGUS MAIDIR LE PADRAIG MAC FHEARRAIGH AGUS AN BREITHNEAMH
SEAN F. NEILAN

IDIR/

AN STAT (AR INCHUISEAMH PHADRAIG MAC FHEARRAIGH)

INCHUISITHEOIR

-agus-

AN BREITHEAMH DUICHE SEAN F. NEILAN

FREAGROIR

Breithiunas arna thabhairt ag an mBreitheamh Ruairí S.
Ó hAnluain, an Cead la de Mheitheamh, 1984.

Deineadh Toghairm on Chuirt Duiche do sheirbheail ar
an Inchuisitheoir ar an 4u la Deireadh Fomhair, 1983, ag
ceangal air bheith i lathair sa Chuirt Duiche, Fal Carrach,
Co. Dhun na nGall, ar an 26u Deireadh Fomhair le freagra
a thabhairt ar ghearan a deineadh ina choinne go rabh in a
sheilbh aige gleas telefise ar an 20u la Aibreain, 1983, gan
bheith udaraithe chuige fe cheadunas abhi i bhfeidhm ar an
data san. Is i nGort a' Choirce, Co. Dhun na nGall, ata

conai ar an Inchuisitheoir, - ceantar Gaeltachta - agus is i an Ghaeilge teanga an teaghlaigh agus an teanga ata i ngnath-usaid san duiche san.

Bhi an tInchuisitheoir mi-shasta toisc gur deineadh Toghairm i mBearla a sheirbheail air, agus chuir se sin in iul don Aire Poist agus Teileagrafa, agus don Aire Dli agus Cirt, i litreacha a scriobh se chucu an la dar gcionn - 5 Deireadh Fomhair, 1983. Fuair se freagra o Runai an Aire Poist agus Telegrafa ag cur in iul do go rabb socruithe deanta an cas ina choinne do reachtail tre Ghaeilge, agus go neiseofaiaon toghairm eile ina choinne i nGaeilge, ach cuireadh in iul do chomh maith go rabb an tAire sasta go rabb an Toghairm a sheirbhealadh cheana fein lan-dlisteanach o thaobh an dli dhe.

Ni rabb an tInchuisitheoir i lathair sa Chuirt Duiche ar an 26u Deireadh Fomhair mar chuir na Gardai in iul do roimh-re gur chuireadh an suiomh san ar ath-lo. Ar an 22u la Deireadh Fomhair, 1983, deineadh Toghairm nua do sheirbheail air ag ceangal air bheith i laithair sa Chuirt Duiche, An Fal Carrach, ar an 25u la Eanair, 1984, d'fhom freagra a thabhairt ar an ghearan a luadh cheana. I mBearla amahain abhi an Toghairm

ar an ocaid seo fosta. Do scriobh an tInchuisitheoir aris chuig an Aire Dli agus Cirt agus chuig an Aire Poist agus Telegrafa, agus an iarraidh seo d'iarr se orthu socru a dheanamh go ndeanfai toghairm inGaeilge a eisiuint in ait an toghairmimBearla. Nior geilleadh don iarratas san, agus chuadhthas ar aghaidh leis an imchuiseamh ar an 25u la Samair, 1984. Nior fhreastal an tInchuisitheoir ar an gCuirte Duiche ar an la san, agus gearradh fineail £52 air agus tugadh seacht la do chun an tsuim sin a ioc. Nior chuireadh coip den Ordu san on Chuirte Duiche fe bhraid na Cuirte seo go foill.

Iarrann an tInchuisitheoir ar an Ard-Chuirte Ordu Certiorari a dheonadh do, d'fhoinn an ciontu a luaitear i mionnscribhinn an Inchuisitheora a neamhniu ar an bhforas go rabb dualgas ar an Aire Poist agus Telegrafa toghairm i nGaeilge a eisiuint agus a sheirbheail nuair chuir an tInchuisitheoir in iul do go rabb san da lorg aige.

Ba choir an tiarratas san do chur ar ath-lo go dti go gcuirtear Ordu na Cuirte Duiche fe bhraid na hArd-Chuirte - feach Ordu 84, Riaill 11, de Rialacha na hArd-Chuirte agus na Cuirte Uachtarai - ach o tharla go bhfeictear dom nach bhfuil

bunus do reir dli leis an iarratas measaim gur choir dom deighleail leis an gcuis gan tuilleadh moille do chur ar an Inchuisitheoir.

Do reir Airteagal 8 den Bhunreachta is i an Ghaeilge an phrimh-teanga oifigiuil, ach glactar leis an Sacs-Bhearlá mar theangain oifigiuil eile. Feadfar socru do dheanamh le dli d'fhomceachtar den da theangain sin do bheith ina haon-teangain le haghaidh aon ghno no gnothai oifigiula ar fuaid an Stait ar fad no in aon chuid de.

Ta Riaill fe leith i Rialacha na nUas-Chuirteanna - Ordu 106, Riaill 2, - maidir le doicimeid a bhaineann le himeachta ins na hUas-Chuirteanna a bhíonn le seirbheail sa Ghaeltacht, agus ma's i mBearla a bhíonn siad ni fulair aistriúchan Gaeilge do sheirbheail in eineacht leis an leagan Bearla.

Ag feachaint ar Rialacha na Cuirte Cuarda, leagtar sios fe Ordu 1, Riaill 5, go gceadaitear an teanga naisiunta no an Bearla d'usaid i ndoicimead Cuirte, no le linn cuis no abhar ar bith d'eisteacht. Do reir dealraimh nil aon fhoralacha ar leith i Rialacha na Cuirte Duiche maidir le husaid na Gaeilge i doicimeid na Cuirte no le linn na nimeachta os comhair na Cuirte Duiche.

Da reir sin taim den bharuil go bhfuil ceart do reir dli ag aon Inchuisitheoir a thionscnaionn imeachta os comhair na Cuirte Duiche, pe'cu sa Ghaeltacht no sa Ghalltacht, feidhm do bhaint as Toghairm i mBearla ma's mian leis agus nach bhfuil iachall air fen ghnath-dli no fen Bhunreacht leagan Gaeilge a chur ar fail don Chosantoir fiu ma iarrtar air sin do dheanamh. I gcas nach dtuigfeadh an Cosantoir teanga na Toghairme, biodh si i mBearla no i nGaeilge, bheadh ceist dli eile le hiniuchadh ag an gCuirte ach ni liomhnaitear gur tharla san sa chas so. Ar an abhar sin, ni fulair dom an tiarratas ar Ordu Coinniollach Certiorari a dhiultu.

Ruáiri S. Ó hAnluain.

Ruáiri S. Ó hAnluain.

1 Meitheamh, 1984.